

Innealtóir Déantúsaíochta

Déanann Aran Biomedical dearadh, forbairt agus déantúsú ar fheistí leighis in-ionphlandaithe, mar pháirtí seachfhoinsithe do chuid mhór de na cuideachtaí ceannródaíocha feistí leighis domhanda. Lenár bhfócas ar theicneolaíocht nuálach agus ár saineolas ar bhithábhair, cothaítear cultúr fuinniúil a sheachadann réitigh in-ionphlandaithe den chéad ghlúin eile. Tá saoráid Aran Biomedical suite le hais Shlí an Atlantaigh Fhiáin sa Spidéal ag breathnú amach ar Chuan na Gaillimhe agus níl sé ach 20 nóiméad as Gaillimh ag taisteal i gcarr. Agus muid ag fás agus ag méadú ár saoráidí go leanúnach, tá muid ag lorg daoine a bhfuil an dearcadh céanna acu chun a teacht chugainn agus dul ar ár bhfoireann.



Tá gá le hiarrthóir cruthaithe a mbeidh cúlra aige/aici i soláthar tacaíochta ardluacha innealtóireachta déantúsaíochta taobh istigh de thionscal feistí leighis atá rialaithe ag GMP. Caithfidh iarrthóirí taithí 3 bliana ar a laghad a bheith acu i soláthar tacaíochta próiseála, feabhais leanúnaigh agus comhlíontachta taobh istigh de thimpeallacht ghlan ISO-8 nó níos airde. Mar gheall ar an bhfás iontach atá tagtha ar riar de thionscnaimh nua táirgí/teicneolaíochta in 2020, beidh an té a roghnófar i dteagmháil go mór le foirne ilréimsiúla NPI (tionscnamh táirgí nua) a bhféadfadh T&F, innealtóireacht déantúsaíochta, cothabháil, EH&S, innealtóireacht ardchaighdeán agus feidhmeanna slabhra soláthair a bheith i gceist leo. Oibreoidh an té a roghnófar mar chuid d'fhoireann chun cáilíocht / feidhmíocht / caighdeán sábháilteachta a choinneáil ar na táirgí ionphlandaí go léir a bheidh sannta. Tuairisceoidh an duine sin don Bhainisteoir Innealtóireachta, beidh an post dúshlánach, beifear ag déileáil leis na dearaí táirgí ionphlandaí Leibhéal1 is nua atá ag an gcuideachta agus caithfear a bheith in ann oibriú go neamhspleách.

Dualgais agus Freagrachtaí

- Tacaíocht ardluacha a thabhairt d'oibríochtaí déantúsaíochta Aran Biomedical trí chomhoibriú laethúil leis an bhfoireann agus leis na maoirseoirí táirgthe, ag oibriú le comhghleacaithe ilréimsiúla chun réiteach a fháil ar chásanna ar an urlár táirgthe.
- Tionscadail déantúsaíochta a fheabhsaíonn cáilíocht táirgí, a laghdaíonn agaí ama agus a laghdaíonn costais, a aithint agus a chur i bhfeidhm
- Feidhm a bhaint as prionsabail an *Lean and Six Sigma* in aithint agus i bhfeidhmiú na réimsí barrfheabhais d'fheabhsú na n-oibríochtaí déantúsaíochta.

- Cuidiú leis na Foirne Tionscnaimh Táirgí Nua (NPI) trí ionchur lárnach a dhéanamh sa dearadh do dhéantúsaíocht agus i bhforbairt sreabhadh/leagan amach táirgí. Úinéireacht a ghlacadh ar fheidhmiú leaganacha den phróiseas a bhaineann le cáiliú.
- A bheith mar bhall lárnach de na ceardlanna ar ghiniúint PFMEA.
- Úinéireacht a ghlacadh ar ghiniúint, fheidhmiú agus thuairisciú na bprótacal IQ, OQ, PQ.
- Cothabháil, nuashonrú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcáipéisíocht a bhaineann le déantúsaíocht, caighdeán agus innealtóireacht de réir mar a bheidh gá leis – ag tiomáint agus ag athbhreithniú na dtograí go léir a bhaineann le Fógra Athraithe Innealtóireachta (ECN).
- Cuidiú le hoiliúint na foirne tógála táirgí i dtaca le tascanna lárnacha oibríochtúla.
- Feidhm a bhaint as cur chuige ilrannach chun fadhbanna a réiteach ina mbeidh cead cainte ag gach duine in Aran Biomedical agus a mbeidh meas orthu as a n-ionchur i dtiomáint athbhreithnuithe ar anailís ar phríomhchúiseanna.
- Gach iarracht a dhéanamh i gcónaí na caighdeáin a bhfuil ár gcustaiméirí ag súil leo a bhaint amach nó cur leo.
- Tionscadail saoráidbhunaithe EH&S, leagan amach, nó coigilteach ar fhuinneamh, a dhéanamh de réir mar is gá.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil agus ar chalabhrú na gcóras ríthábhachtacha trealaimh.
- Beidh nascadh láidir á dhéanamh leis an rannóg Dearbhaithe Cáilíochta chun tacú leis na riachtanais Rialála agus Comhlíontachta a bhíonn ag eagraíocht ISO13485. Cuimseoidh sé sin úinéireacht agus réiteach ar NCR agus CAPA.
- Cinntí cuí a dhéanamh go laethúil, ag úsáid an Bhainisteora Déantúsaíochta agus na n-ionadaithe Sinsearach Dearbhaithe Cáilíochta mar eadránaithe deiridh de réir mar is gá, i dtaca le cinntí ríthábhachtacha a bhaineann le cáilíocht.
- Dualgais ghaolmhara eile a chomhlíonadh, de réir mar a shannfar iad.

Eochair-riachtanais don ról

- Caithfidh an t-iarrthóir buacach cuntas teiste láidir feidhmithe taobh istigh de thimpeallacht fearas leighis a bheith aige/aici. Beidh tacaíochta táirgeachta do tháirgí Leibhéal1 custaiméirí ilnáisiúnta mar chuid den ról sin – agus dá réir, tá sé ríthábhachtach go mbeadh taithí ag an duine a roghnófar.
- Teastóidh céim Baitsiléara san innealtóireacht déantúsaíochta, innealtóireacht bhithleighis, innealtóireacht cháilíochta, nó i réimse gaolmhar, mar aon le 3 bliana taithí ar a laghad.
- Tá sé inmhianaithe go mbeadh taithí ag an té a roghnófar sna réimsí a bhaineann le teicneolaíochtaí teicstílí leighis (srutharlú, sníomh, cniotáil, srl. polaiméirí/sreang agus a leithéidí), mar aon le teicneolaíochtaí brataithe/beangaithe polaiméirí.



- Tá gá le heolas láidir ar FDA GMP/QSR; ISO 13485 agus ar chaighdeáin leighis.
- Bheadh sé an-inmhianaithe go mbeadh taithí ag an duine sin in aistriú táirgí ón dearadh go dtí an déantúsaíocht thráchtála.
- Tá gá le heolas daingean ar fhorbairt PFMEA agus ar bhailíochtú IQ/OQ/PQ.
- Caithfidh an t-iarrthóir a bheith ard-spreagtha agus paiseanta faoi chloí le spriocanna táirgthe agus bainistiú ama agus cur i láthair den scoth a bheith ag an té sin, mar aon le scileanna cumarsáide, scileanna scríbhneoireachta teicniúil agus scileanna eagraíochtúla, agus a bheith in ann oibriú go neamhspleách nó mar chuid d'fhoireann.
- Ní mór don té sin scileanna maithe anailíseacha a bheith aige/aici mar aon le cur chuige teagmhálach.
- Bheadh taithí ar bhainistíocht tionscadail inmhianaithe.